2025/2077

14.10.2025

RIALACHÁN (AE) 2025/2077 Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE

an 8 Deireadh Fómhair 2025

lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe

TÁ PARLAIMINT NA hEORPA AGUS COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 43(2) agus Airteagal 207 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa ([1]),

Ag gníomhú dóibh i gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta reachtach ([2]),

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) I gcomhréir le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 ([3]) ('UNCLOS') agus leis an gComhaontú maidir le Forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a chur chun feidhme an 4 Lúnasa 1995 ([4]) ('UNFSA'), tá gá, maidir le bainistiú stoc éisc traslimistéir áirithe agus stoc mórimirceach éisc áirithe, le comhar na dtíortha uile a saothraíonn a gcabhlaigh an stoc sin. D'fhéadfaí an comhar sin a bhunú faoi chuimsiú na n-eagraíochtaí réigiúnacha bainistithe iascaigh (ERBInna) nó trí bhíthin socruithe *ad hoc* i measc na dtíortha a bhfuil leas acu san iascach lena mbaineann.

(2) Le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([5]), bunaítear creat chun go mbeifear in ann bearta a shainaithint agus a ghlacadh maidir le tríú tíortha a mhainníonn comhoibriú agus a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe a dhéanamh ar stoc ar leas coiteann don Aontas é.

(3) I gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, is féidir tír a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe más rud é, *inter alia*, go mainníonn sí comhoibriú chun stoc ar leas coiteann é a bhainistiú i gcomhréir iomlán le forálacha UNCLOS agus UNFSA, nó le haon chomhaontú idirnáisiúnta eile nó riail den dlí idirnáisiúnta, agus más rud é go mainníonn sí na bearta bainistithe iascaigh is gá a ghlacadh.

(4) Ba cheart sainmhíniú ar 'mainneachtain comhoibriú' a thabhairt isteach chun sainiú níos fearr a dhéanamh, chun críocha Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012, ar raon feidhme agus brí an cheanglais maidir le comhoibriú de bhun UNCLOS agus UNFSA.

(5) Ba cheart 'an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil' a thuiscint mar thagairt do chomhairle eolaíoch a bhfuil teacht ag an bpobal uirthi agus a dtagann na sonraí eolaíocha agus na modhanna eolaíocha is cothroime le dáta agus atá eisithe nó athbhreithnithe ag comhlacht eolaíoch neamhspleách a shainaithnítear ar leibhéal an Aontais nó ar an leibhéal idirnáisiúnta léi.

([1]) IO C, C/2025/1191, 21.3.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/C/2025/1191/oj.
([2]) Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Iúil 2025 (nár foilsíodh fos san Iris Oifigiúil) agus cinneadh ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2025.
([3]) Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige (IO L 179, 23.6.1998, lch. 3, ELI: http://data.europa.eu/eli/convention/1998/392/oj).
([4]) An Comhaontú maidir le forálacha Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe maidir le Dlí na Farraige an 10 Nollaig 1982 i ndáil le Caomhnú agus le Bainistiú Stoc Éisc Traslimistéir agus Stoc Mórimirceach Éisc a chur chun feidhme (IO L 189, 3.7.1998, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1998/414/oj).
([5]) Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 25 Deireadh Fómhair 2012 maidir le bearta áirithe d'fhonn stoic éisc a chaomhnú i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe (IO L 316, 14.11.2012, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/1026/oj).

(6) Is gá a shoiléiriú freisin gur cheart a bheith in ann tír a mheas mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe mura ndéanann sí na bearta bainistithe iascaigh is gá a chur chun feidhme nó a fhorfheidhmiú, agus go n-áirítear sna bearta sin bearta rialaithe, lena n-áirítear faoi chuimsiú ERBInna.

(7) Is iomchuí freisin na nósanna imeachta a threisiú sula nglacfar bearta i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe agus i ndiaidh na mbeart sin a ghlacadh, lena n-áirítear faoi chuimsiú ERBInna.

(8) Chun measúnú a dhéanamh ar na bearta iomchuí atá le déanamh maidir le tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe, is gá foráil a dhéanamh do thuiscint chruinn ar chaidreamh trádála an Aontais leis an tír atá faoi mheastóireacht, lena n-áirítear trí mheasúnú a dhéanamh ar shonraí stairiúla le haghaidh táirgí allmhairithe lena léirítear na fíorphatrúin allmhairiúcháin i ndáil leis an tír sin.

(9) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1026/2012 mar a leanas:

(1) leasaítear Airteagal 2 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (b):

‘(b) ciallaíonn “speicis bhainteacha” aon iasc a thagann ón éiceachóras céanna leis an stoc ar leas coiteann é agus a chreachann an stoc sin, a bhíonn á chreachadh ag an stoc sin, a théann in iomaíocht leis le haghaidh bia agus spás maireachtála nó atá sa limistéar céanna iascaireachta leis, agus a shaothraítear nó a ghabhtar de thaisme, lena n-áirítear mar fhoghabháil, san iascach céanna nó sna hiascaigh chéanna;’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (f):

‘(f) ciallaíonn “staid neamh-inbhuanaithe” an dáil nach gcoinnítear an stoc go leanúnach ar na leibhéil, nó os cionn na leibhéal, ar féidir leo uastáirgeacht inbhuanaithe a tháirgeadh nó, mura féidir meastachán a dhéanamh ar na leibhéil sin, an dáil nach gcoinnítear an stoc go leanúnach laistigh de na teorainneacha bitheolaíocha sábháilte i gcomhréir leis an gcur chuige réamhchúraim i leith bainistiú iascaigh dá dtagraítear in Airteagal 6 UNFSA; tá na leibhéil stoic éisc lena gcinntear an bhfuil an stoc i staid neamh-inbhuanaithe le cinneadh ar bhonn na comhairle eolaíche is fearr atá ar fáil;’;

(c) cuirtear an pointe seo a leanas leis:

‘(i) ciallaíonn “mainneachtain comhoibriú” mainneachtain tíortha dul i dteagmháil lena chéile de mheon macánta agus comhairliúcháin fhóinteacha a bheith acu, lena n-áirítear faoi chuimsiú ERBInna, ina ndéantar iarracht shubstaintiúil d’fhonn teacht ar chomhaontú maidir leis na bearta bainistithe iascaigh is gá a ghlacadh, agus áirítear ar shamplaí de mhainneachtain comhoibriú na nithe seo a leanas, ach gan bheith teoranta dóibh:

(1) diúltú dul i gcomhairle leis na Stáit chósta ábhartha uile agus na Stáit iascaireachta ábhartha uile nó páirt a thabhairt dóibh sna comhairliúcháin;

(2) deireadh aontaobhach gan údar a chur leis na comhairliúcháin;

(3) moilleanna míchuí, lena n-áirítear ar fhreagra a thabhairt ar iarrataí nó dul i mbun comhairliúcháin;

(4) faisnéis atá ábhartha do chomhairliúcháin a choinneáil siar;

(5) iarrataí míréasúnta ar fhaisnéis a dhéanamh;

(6) neamhaird a dhéanamh de nósanna imeachta comhaontaithe;

(7) diúltú córasach fritograí nó leasanna páirtithe eile a chur san áireamh;

(8) a seasaimh féin a éileamh go córasach ar feadh tréimhse fhada, gan beann ar an tsolúbthacht a chuireann páirtithe eile sna comhairliúcháin ar fáil;

(9) diúltú an chomhairle eolaíoch is fearr atá ar fáil nó gníomhaíochtaí iascaireachta stairiúla maidir leis an stoc ábhartha nó na stoic ábhartha a chur san áireamh;

(10) agus comhairliúcháin le haghaidh socruithe cuimsitheacha comhroinnte ar siúl, tabhairt faoi chomhairliúcháin d'fhonn socruithe maidir le comhroinnt pháirteach a thabhairt i gcrích nó, ina dhiaidh sin, socruithe den sórt sin maidir le comhroinnt pháirteach a thabhairt i gcrích lena n-eisiatar roinnt Stát cósta ábhartha nó roinnt Stát iascaireachta ábhartha le haghaidh stoic ar leas coiteann iad.';

(2) in Airteagal 3, pointe (b), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (i) agus (ii):

'(i) go mainníonn sí na bearta bainistithe iascaigh is gá a ghlacadh, a chur chun feidhme nó a fhorfheidhmiú, lena n-áirítear bearta rialaithe, lena n-áirithítear caomhnú agus bainistiú éifeachtach stoc ar leas coiteann iad, lena n-áirítear faoi chuimsiú ERBI nó i gcás ina gcomhaontaítear sin go déthaobhach nó go hiltaobhach; nó

(ii) go nglacann sí bearta bainistithe iascaigh, amhail cuótaí nó bearta idirdhealaitheacha, gan aird chuí a thabhairt ar chearta, leasanna agus dualgais tíortha eile agus an Aontais, agus go dtagann de na bearta bainistithe iascaigh sin, nuair a bhreithnítear iad i dteannta bearta arna ndéanamh ag tíortha eile agus ag an Aontas, gníomhaíochtaí iascaireachta a bhféadfadh staid neamh-inbhuanaithe an stoic a bheith de thoradh orthu; meastar an coinníoll seo a bheith comhlíonta freisin i gcás, maidir leis na bearta bainistithe iascaigh arna nglacadh ag an tír sin, nár tháinig díobh staid neamh-inbhuanaithe an stoic de bharr bearta arna nglacadh ag tíortha eile agus dá bharr sin amháin.';

(3) leasaítear Airteagal 6 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'Nósanna imeachta sula nglacfar bearta i ndáil le tíortha a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe agus ina dhiaidh sin';

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. I gcás ina measann an Coimisiún gur gá bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 a ghlacadh, tabharfaidh sé fógra don tír lena mbaineann go bhfuil sé ar intinn aige í a shainaithint mar thír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe. I gcásanna den sórt sin, cuirfear Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle ar an eolas láithreach agus coinneofar ar an eolas iad go rialta maidir le forbairtí agus na gníomhaíochtaí arna ndéanamh.';

(c) cuirtear an mhír seo a leanas isteach:

'2a. I gcás ina dtagann an stoc ar leas coiteann é faoi raon feidhme ERBI, déanfaidh an Coimisiún an tsaincheist i ndáil le tír a bheith ag ceadú iascaireacht neamh-inbhuanaithe a ardú le comhlacht comhlíontachta an ERBI sin sula dtabharfar fógra faoi mhír 1, de réir mar is infheidhme, d'fhonn an cás a leigheas.';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

'3. Sula nglacfar bearta de bhun Airteagal 4, tabharfaidh an Coimisiún deis réasúnach don tír lena mbaineann freagra a thabhairt i scríbhinn ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo agus aon fhaisnéis ábhartha a sholáthar.';

(e) cuirtear na míreanna seo a leanas leis:

'4. Tabharfaidh an Coimisiún 90 lá ar a mhéad don tír lena mbaineann chun freagra a thabhairt ar an bhfógra dá dtagraítear i mír 1 agus tréimhse réasúnta ama chun an cás a leigheas.

5. Tar éis bearta a ghlacadh de bhun Airteagal 4, leanfaidh an Coimisiún de bheith i dteagmháil leis an tír lena mbaineann agus d'idirphlé oscailte a choinneáil léi agus déanfaidh sé an comhar a chur chun cinn go déthaobhach agus go hiltaobhach, d'fhonn go scoirfidh an tír sin d'iascaireacht neamh-inbhuanaithe a cheadú.

6. I gcás ina dtéann an tír lena mbaineann i mbun comhairliúcháin leis an Aontas de mheon macánta, rachaidh an Coimisiún i mbun na gcomhairliúchán sin gan mhoill.';

(4) in Airteagal 7, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

'1. Scoirfidh na bearta dá dtagraítear in Airteagal 4 d'fheidhm a bheith acu tráth a ghlacann an tír a cheadaíonn iascaireacht neamh-inbhuanaithe na bearta ceartaitheacha iomchuí is gá chun an stoc ar leas coiteann é a chaomhnú agus a bhainistiú agus i gcás inar fíor an méid seo a leanas i leith na mbeart ceartaitheach sin:

(a) glacadh iad go neamhspleách nó comhaontaíodh iad i gcomhthéacs comhairliúcháin leis an Aontas agus, i gcás inarb infheidhme, le tíortha eile lena mbaineann nó faoi chuimsiú ERBInna; agus

(b) ní bhaineann siad an bonn ó éifeacht na mbeart arna ndéanamh ag an Aontas, cibé acu go neamhspleách, i gcomhar le tíortha eile nó faoi chuimsiú ERBInna, chun na stoc éisc lena mbaineann a chaomhnú.'.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh in Strasbourg, an 8 Deireadh Fómhair 2025.

Thar ceann Pharlaimint na hEorpa	*Thar ceann na Comhairle*
An tUachtarán	*An tUachtarán*
R. METSOLA	M. BJERRE